Dáta	Leibhéal ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair	Ábhar Tíreolaíocht

Snáithe Imshaoil Nádúrtha	Snáithaonad An tImshaol Nádúrtha Áitiúil

Teideal
An Ghnáthóg Chladaigh a Léirshamhlú.

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh leanaí breathnú agus plé ar dhóigheanna ina ndeachaigh gnéithe den imshaol nádúrtha i bhfeidhm ar shaol na bplandaí, ar shaol na n-ainmhithe agus ar shaol na ndaoine.
Staidéar a dhéanamh ar an trá mar ghnáthóg do phlandaí agus d'ainmhithe.

Scileanna atá Riachtanach
Tuiscint d'áit agus do spás; Ceistiú; Breathnú; Cumarsáid a Dhéanamh; Measúnú.

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Cuirfear ar chumas an linbh: Cur síos a dhéanamh ar thuras samhailteach cladaigh os ard. Úsáid a bhaint as teicnící léirshamhlaithe agus é/í ag éisteacht le scéal faoi ghnáthóg aigéin. Oibriú i ngrúpaí chun mionsamhail lánléargais de ghnáthóg aigéin a chruthú. A shaothar/saothar físe a chur i gcomparáid leis na léaráidí iarbhír.	**Labhairt agus Plé:** Tosaigh an ceacht ach iarraidh ar na daltaí a súile a dhúnadh. Inis dóibh go bhfuil siad ar tí dul ar thuras samhailteach chuig an trá. Bain úsáid as plé ar na cúig chéadfa chun fantaise ilchisil a chumadh. Cé na rudaí a fheiceann, a chloiseann, a bhlaiseann, a bholaíonn agus a bhraitheann na daltaí? Iarr ar na leanaí go léir sa seomra cur síos a dhéanamh ar a n-eispéireas. **Scéal:** Bain úsáid as leabhar amhail 'The Hidden Forest' le Jeanette Baker nó 'The Sea that Feeds Us' le Robert F. Baldwin. Léigh na leabhair sin gan na pictiúir a thaispeáint. Tabhair roinnt ama do na daltaí chun cur síos a dhéanamh ar a bhfuil siad ag feiceáil i súil a n-intinne tar éis duit na cineálacha cur síos a léamh. **Obair Chomhoibríoch:** Oibríonn na leanaí i ngrúpaí chun mionsamhail lánléargais de ghnáthóg aigéin a chruthú. Baineann siad úsáid as boscaí bróg athchúrsáilte agus as ábhair

	aimsithe amhail plaisteach, cumhdach bolgóideach, scragall stáin, ceallafán agus píosaí beaga páipéir. Tabhair roinnt ama do na leanaí roghbhlúire a chruthú den íomhá atá acu den ghnáthóg faoin aigéan. **Labhairt agus Plé:** Taispeáin na pictiúir ón scéal do na leanaí agus lig dóibh a mionsamhlacha lánléargais a chur i gcomparáid leis na léaráidí iarbhír.
	Acmhainní Scéal amhail 'The Hidden Forest' le Jeanette Baker nó 'The Sea that Feeds Us' le Robert F. Baldwin. Boscaí bróg. Ábhair aimsithe amhail plaisteach, cumhdach bolgóideach, scragall stáin, ceallafán agus píosaí beaga páipéir. Gliú agus cipíní líreacáin.
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	
Measúnú Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.	
Nascadh agus Comhtháthú Ealaín: Úsáid a bhaint as fabraic agus snáithín chun mionsamhlacha lánléargais atá bunaithe ar an scéal a chuala siad a chruthú. Béarla: Úsáid a bhaint as scileanna ardoird cosúil le léirshamhlú agus scéal á léamh.	